Lá Eolais

6 Deireadh Fomhair 2010

Conradh na Gaeilge

Guth na Gaeltachta

1. Tá muid ag moladh go nglacfaí le moltaí uile an Chomhchoiste Dála maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a bhfuil tacaíocht traspháirtí acu. Tá roinnt de na moltaí thíos:

An Ghaeltacht:

1. Soiléiriú agus buanú ar stádas Údarás na Gaeltachta go háirithe ó thaobh cúraimí forbartha bonneagair agus geilleagair de.
2. Tacaíochtaí do na teaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge, mar shampla, Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh, gréasáin shóisialta don aos óg srl.
3. Atarraingt a dhéanamh ar roinnt toghranna le cosaint a thabhairt do Ghaeltachtaí láidre cosúil le Rann na Feirste.
4. **An tOideachas:**
    - Bord Oideachais Ghaeltachta agus Ghaelscolaíochta a bhunú faoi chúram COGG.
    - Áireamh ar riachtanais dhifriúla foghlaimeoirí agus cainteoirí dúchais
    - Polasaí náisiúnta ó thaobh an tumoideachais de
    - Scéim 'Erasmus' na Gaeltachta a bhunú agus Cúrsa Gaeltachta an BA (Oideachas) a leathnú
    - Clár oibre d'fhorbairt na hollscolaíochta lán-Ghaeilge
    - Soláthar dóthanach don Ghaeloideachas do phobail uile na tíre a chinntiú agus suímh do scoileanna nua á roghnú *(aitheantas láithreach do Ghaelscoil Ráth Tó)*
    - Ábhar scoile eile "Saíocht agus Litríocht na Gaeilge" a sholáthar
    - Curaclam comhtháite a chur i bhfeidhm

Eile:

5. Bunú gréasáin shóisialta trí mheán na Gaeilge don aos óg a shonrú mar thosaíocht sa Straitéis
6. Normalú sa Státchóras m.sh. gníomh cothromúcháin earcaíochta Gaeilge san Earnáil Phoiblí agus an Ghaeilge ar chomharthaí bóithre a bheith chomh feiceálach agus chomh hinléite leis an mBéarla.
7. Cúram neamhspleách faireacháin agus measúnaithe a thabhairt d'Oifig an Choimisinéara Teanga
8. Aitheantas do ról criticiúil na n-eagras deonach agus pobail.

2. Tá muid go láidir ag cur in aghaidh Mholtaí na Roinne Airgeadais i leith na Gaeltachta mar atá leagtha amach sa cháipéis 'Tosaíochtaí Infheistíochta Infreastruchtúir 2010 – 2016'

An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais & Gaeltachta
Caiteachas Caipitiúil 2008-2016 (€ Milliúin)

2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016
149	133	105	86	86	86	40	30	30

Tá na moltaí seo ag teacht go hiomlán salach ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. Lena chois sin, beidh an t-ísliú caiteachais sin **i bhfad** níos géire sa Roinn seo ná in aon Roinn eile.

	An laghdú atá molta i mbuiséad caipitil na roinne
An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta	9.6%
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha	8.1%
An Roinn Cosanta	-12.5%
An Roinn Oideachais agus Scileanna	-12.9%
An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	-16.7%
An Roinn Sláinte agus Leanaí	-18.5%
An Roinn Airgeadais	-20.0%
An Roinn Iompair	-21.0%
Meánlaghdú	**-26.4%**
An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí	-26.8%
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	-27.1%
An Roinn Coimirce Sóisialaí	-40.0%
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	-60.0%
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	-60.5%
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	**-71.4%**

Information Day

6 October 2010

Conradh na Gaeilge

Guth na Gaeltachta

1. We are recommending that all the recommendations of the Joint Oireachtas Committee regarding the 20 Year Strategy for the Irish language, for which there is cross-party support, be accepted. Some of the recommendations are below:

An Ghaeltacht:

1. Clarification and continuance of the status of Údarás na Gaeltachta especially with regard to infrastructural and economic development responsibilities.
2. Supports for families who raise their children through Irish, for example, Family Support Centres, social networks for youths etc.
3. Redrawing of some electoral divisions to protect strong Gaeltacht areas such as Rann na Feirste.
4. **Education**
   a. Establishment of the Board of Gaeltacht and Irish-Medium Education under the care of COGG.
   b. Assessment of the different needs of learners and native speakers.
   c. A national policy with regard to immersion education
   d. Establishment of a Gaeltacht 'Erasmus' scheme and the expansion of the Gaeltacht BA (Education) Course.
   e. A program for the development of Irish-medium university education.
   f. Ensure a sufficient supply of Irish-medium education for every community in the country in the selection of locations for new schools *(immediate recognition of Gaelscoil Ráth Tó)*
   g. Provision of an extra school subject "Irish Culture and Literature"
   h. Implementation of an integrated curriculum

Other:

5. Specification as a priority in the Strategy, the establishment of Irish-medium social networks for youths.
6. Normalisation in the State system eg. a balancing recruitment action for Irish in the public sector and that Irish on roadsigns be as visible and legible as English.
7. The responsibility of independent monitoring and assessment be given to the Office of the Language Commissioner.
8. Recognition of the vital role of the voluntary and community organisations.

2. We strongly oppose the Recommendations of the Department of Finance with regard to the Gaeltacht as laid out in the report 'Infrastructure Investment Priorities 2010-2016'

Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs
Capital Expenditure 2008-2016 (€ Millions)

2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016
149	133	105	86	86	86	40	30	30

These recommendations completely contradict the 20 Year Strategy for Irish. As well as this, this reduced expenditure will be much more severe on this Department than any other Department.

	Recommended decrease 2010 -2016
Department of Enterprise, Trade and Innovation	9.6%
Department of Communications, Energy and Natural Resources	8.1%
Department of Defence	-12.5%
Department of Education and Skills	-12.9%
Department of Tourism, Culture and Sport	-16.7%
Department of Health and Children	-18.5%
Department of Finance	-20.0%
Department of Transport	-21.0%
Average decrease	**-26.4%**
Department of Justice and Law Reform	-26.8%
Department of Environment, Heritage and Local Government=	-27.1%
Department of Social Protection	-40.0%
Department of Foreign Affairs	-60.0%
Department of Agriculture, Fisheries and Food	-60.5%
Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs	**-71.4%**